
# Seoltaí Eircode sa Ghaeltacht





Eochairfhocail: seoltaí, coiste, an tseirbhís phoiblí, sprioc earcaíochta

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cé a dúirt go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh fós maidir le seoltaí Eircode a bheith i nGaeilge amháin sa Ghaeltacht?
2.Cén dream a bhfuil ionadaithe ó SIPTU buartha fúthu más gá go mbeadh Gaeilge ag fiche faoin gcéad d'oibrithe sa tseirbhís phoiblí?
3.Cén coiste atá ag fiosrú le fada faillí an chomhlachta Eircode i leith na Gaeilge?
4.Cad a deir an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh maidir le seoltaí sa Ghaeltacht?
5.Cén fáth ar tugadh an córas Eircode isteach ar an gcéad dul síos, dar le Feargal Ó Coigligh?
6.Cén fáth a bhfuil Damien Ginley buartha faoin sprioc earcaíochta don Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí?
7.Cén roinn nó cén córas go sonrach a luann Damien a bhfuil sé buartha faoi?
8.Cén Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil nach nglacann leis an méid a deir Damien?
9.Cad ba mhaith leis an Rialtas a chur chun cinn sna blianta atá amach romhainn?
10. Ar bhain tú triail as an nGaeilge a úsáid cheana agus tú ag plé leis an tseribhís phoiblí? Má bhain, cén tseirbhís a bhí ann agus cén saghas taithí a bhí agat?






Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Meaitseáil na logainmneacha leis an gcontae cuí. Bain úsáid as logainm.ie más gá.**

| |
|---|
| Cathair na Mart |
| Mainistir na Búille |
| Léim an Bhradáin |
| Baile Coimín |
| Cloich na Coillte |
| Béal na mBuillí |
| Ros Muc |
| Na Cealla Beaga |
| An Uaimh |
| Lios Dúin Bhearna |
| An tAonach |
| Biorra |
| An Ómaigh |
| Dún Geimhin |
| Córa Droma Rúisc |

| |
|---|
| Dún na nGall |
| An Mhí |
| Maigh Eo |
| Ros Comáin |
| Cill Dara |
| Tiobrad Árann |
| Liatroim |
| Cill Mhantáin |
| Tír Eoghain |
| An Clár |
| Corcaigh |
| Port Láirge |
| Doire |
| Uíbh Fhailí |
| Gaillimh |



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga roghnaígí trí áit in bhur gcontae féin. Aimsígí brí na logainmneacha sin ar Logainm.ie agus breacaigí síos trí fhíric faoi gach ceann de na háiteanna a roghnaíonn sibh.**

Áit: ____________________

Áit: ____________________

Áit: ____________________

## Freagraí

1.Ard-Rúnaí na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
2.Imircigh
3.Coiste Oireachtais na Gaeilge
4.Ba cheart iad a bheith i nGaeilge amháin ó thaobh riarachán an stáit de
5.Mar nach bhfuil córas seoltaí oifigiúla againn sa stát seo
6.Ceapann sé go bhfuil an baol ann gur córas dhá leibhéal a bheidh ann a dhéanfaidh éagóir ar imircigh agus ar an lucht oibre
7.An córas sláinte
8. Naoise Ó Cearúill
9.Seirbhís phoiblí dhátheangach

| |
|---|
| Cathair na Mart = Maigh Eo |
| Mainistir na Búille = Ros Comáin |
| Léim an Bhradáin = Cill Dara |
| Baile Coimín = Cill Mhantáin |
| Cloich na Coillte = Corcaigh |
| Béal na mBuillí = |
| Ros Muc = Gaillimh |
| Na Cealla Beaga = Na Cealla Beaga |
| An Uaimh = An Mhí |
| Lios Dúin Bhearna = An Clár |
| An tAonach = Tiobrad Árann |
| Biorra = Uíbh Fhailí |
| An Ómaigh = Tír Eoghain |
| Dún Geimhin = Doire |
| Córa Droma Rúisc = Liatroim |